# Chill Mhantáin
# Wicklow

**Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022**

Culture and Creativity Strategy 2018–2022



creative.ireland.ie

# Ábhar
Contents


1 Réamhrá an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh
*Cathaoirleach and Chief Executive's Foreword*

2 Cultúr agus Cruthaitheacht i gCill Mhantáin
*Culture and Creativity in Wicklow*

3 Fís Éire Ildánach do Chill Mhantáin
*The Creative Ireland Vision for Wicklow*

4 Luachanna Éire Ildánach do Chill Mhantáin
*The Creative Ireland Values in Wicklow*

5 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chill Mhantáin
*Strategic Priorities for Wicklow*

6 Plean Forfheidhmithe Chill Mhantáin do 2018
*Wicklow's Implementation Plan for 2018*



AN CHÉAD EAGRÁN, PROFA AMHÁIN | FIRST EDITION, PROOF VERSION ONLY

# 1 Réamhrá an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh
## Cathaoirleach and Chief Executive's Foreword

SA GHNÁTHCHAINT, tugtar Gairdín na hÉireann ar Chontae Chill Mhantáin, go háirithe mar thoradh ar thírdhreach uathúil atá lán de chultúr agus d'oidhreacht. Tá éagsúlacht ann i dtopagrafaíocht fhisiciúil an chontae, lena n-áirítear sléibhte, muirdhreacha, coillearnaigh, bogaigh agus seoda oidhreachta théann siar go dtí an aimsir anallód. Mar aitheantas ar an méid a chuireann an oidhreacht chultúrtha le saibhreas an tsaoil do chách i gCill Mhantáin, tá creat láidir forbartha ag Comhairle Chontae Chill Mhantáin do sholáthar seirbhísí cultúrtha chun príomhréimsí gníomhaíochta, amhail ailtireacht, turasóireacht, pleanáil baile agus tuaithe, an réimse poiblí, agus forbairt shóisialta, pobail agus eacnamaíochta, a chur chun cinn. Áiríonn cuid den chreat seo stiúrthóireacht Forbartha Pobail, Cultúrtha agus Sóisialta ar leith ina gciomsítear oifig na nEalaíon chomh maith le Seirbhísí Leabharlainne agus Cartlainne. Chomh maith leis sin, soláthraíonn oifig Oidhreachta Chill Mhantáin clár comhoibríoch chun cur le cosaint, feasacht agus taitneamh i leith ár n-oidhreachta nádúrtha agus chultúrtha, agus tacaíonn Coimisiún Scannán Chill Mhantáin le forbairt na scannánaíochta agus tá clú air mar lárionad thionscal na scannán ar chósta thoir na hÉireann.

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht atá leis an gcruthaitheacht mar chuid dár soláthar seirbhísí cultúrtha agus, tríd an gClár Éire Ildánach, féachtar le comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus deiseanna a mhéadú do phobail ar fud Chill Mhantáin chun dul i dteagmháil lena n-oidhreacht chultúrtha ar bhealaí atá nuálaíoch agus cruthaitheach.

Is iad na pobail féin na colúin is tábhachtaí i dtaca le soláthar na seirbhísí cultúrtha de. Tá rath obair Chill Mhantáin i réimse na seirbhísí cultúrtha ag brath ar chur chuige forbartha comhpháirtíochta i leith na hoibre a dhéantar leis na pobail sin, le healaíontóirí agus le gníomhaireachtaí agus geallsealbhóirí áitiúla agus náisiúnta. Beidh an mhodheolaíocht seo le sonrú freisin sa chur chuige i dtaca le soláthar faoi Chlár Éire Ildánach.

Fáiltímid roimh an deis a chuireann Clár Éire Ildánach ar fáil agus tá sé ar intinn againn cur leis an obair atá déanta go straitéiseach trí oibriú go hidir-rannach ar bhearta nua cultúrtha agus leas á bhaint as sainacmhainní againn. Tá sé ar intinn againn forbairt a dhéanamh ar phleananna aonair atá ann cheana féin, amhail na cinn do na healaíona, do leabharlanna agus don oidhreacht, agus acmhainní a chumasc chun tuilleadh deiseanna a chruthú don rannpháirtíocht, d'fhorbairt na cruthaitheachta, d'fhiontraíocht chruthaitheachta agus don turasóireacht.

Is í an fhís atá ann do Chlár Éire Ildánach Chill Mhantáin an chruthaitheacht a leabú i gcroílár na bpobal ar fud an chontae, cur le cumas agus muinín na ndaoine uile chun an chruthaitheacht agus an nuálaíocht a thabhairt isteach ina saol, agus, ar an gcaoi sin, saol sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha Chontae Chill Mhantáin a shaibhriú.

Tacóidh an clár seo leis an gcruthaitheacht sa phobal trí naisc agus comhoibriú a bhunú idir an oidhreacht agus na healaíona, i bhfoirmeacha neamhghairmiúla agus gairmiúla araon.

Cuireann Clár Éire Ildánach ar ár gcumas treabhadh ar aghaidh le díograis nua agus le hinfheistíocht airgeadais agus forbairt a dhéanamh ar an gcreat láidir atá bunaithe cheana féin agus chun feabhas a chur ar shaol cultúrtha an chontae ar bhealaí nua. Cruthóidh sé seo tairbhí inbhraite i leith fholláine agus shaibhriú an chontae.

**Frank Curran**
Príomhfheidh-meannach

**An Comh. Edward Timmins**
Cathaoirleach

COUNTY WICKLOW is colloquially known as the Garden of Ireland, owing in a large part to a unique landscape steeped in culture and heritage. The physical topography of the county is diverse, including mountains, seascapes, woodlands, wetlands and heritage attractions dating back to ancient times. In recognition of the contribution that this cultural heritage makes to enriching the lives of all in Wicklow, Wicklow County Council has developed a strong framework for cultural services provision to advance key activity areas such as architecture, tourism, urban and rural planning, the public realm, social, community and economic development. Part of this framework includes a dedicated directorate of Community Cultural and Social Development which includes the Arts office as well as Library and Archives Services. Additionally the Wicklow Heritage office delivers a collaborative programme to increase protection, awareness and enjoyment of our natural and cultural heritage, and the Wicklow Film Commission supports film development and is renowned as the home of the film industry on the Eastern seaboard.

The Council recognises the value of creativity as part of our cultural services provision and, through the Creative Ireland Programme aims to build partnerships and increase opportunities for communities all over Wicklow to engage with their cultural heritage in ways that are innovative and creative.

Key pillars of importance in the delivery of cultural services are communities themselves. The success of Wicklow's work in cultural services relies on a partnership development approach with those communities, artists and local and national agencies and stakeholders. This methodology will also be reflected in the approach to provision under the Creative Ireland Programme.

We welcome the opportunity that the Creative Ireland Programme presents and intend to enrich the work already achieved strategically through interdepartmental working with new cultural measures and dedicated resources. It is our intention to build upon individually held plans such as those for arts, libraries and heritage combining forces to create additional engagement, creative development, creative enterprise and tourism opportunities.

The vision for Wicklow's Creative Ireland Programme is to embed creativity into the heart of communities across the county; increasing the capacity and confidence of all to bring creativity and innovation to their lives, thus enriching the social, economic and cultural life of County Wicklow.

This programme will support creativity in the community by forging links and collaborations between heritage and arts, in both non-professional and professional capacities.

The Creative Ireland Programme enables us to forge ahead with new purpose and financial investment that will build on the strong framework already in place enhancing the cultural life of the county in new ways. This will create tangible benefits for the wellbeing and enrichment of the county.

**Frank Curran**
Chief Executive

**Cllr. Edward Timmins**
Cathaoirleach

# 2 Cultúr agus Cruthaitheacht i gCill Mhantáin
## Culture and Creativity in Wicklow

IS CONTAE É CILL MHANTÁIN ina bhfuil an-éagsúlacht i dtaca leis an dúlra de, agus sin nasctha le hoidhreacht shaibhir chultúrtha agus pobail bhríomhara. Rinne gach glúin múnlú ar an tírdhreach fisiciúil agus léiriú is ea é sin ar stair fhada ó thaobh lonnaíocht agus idirghníomhaíocht dhaonna. Tá dúnta ársa ann, mar aon leis an mainistir i nGleann Dá Loch a bhfuil cáil dhomhanda uirthi agus tithe móra agus tírdhreacha deartha na ndaoine uaisle, agus tá tithe dúchasacha ann, mar aon le bailte agus sráidbhailte stairiúla, agus tá a múnla féin curtha ag gach glúin ar an tírdhreach, idir fhoirgnithe agus nádúrtha, agus táthar ag leanúint de bheidh ag déanamh amhlaidh. Is mór againn an deis a thugann clár Éire Ildánach Chill Mhantáin dúinn chun treoir a thabhairt dár n-idirghníomhaíochtaí lenár dtírdhreach beo ar bhealaí cruthaitheacha agus fónta, á chinntiú de go leanann 'Gairdín na hÉireann' d'inspioráid a thabhairt d'ealaíontóirí, do scríbhneoirí, do dhrámadóirí agus do cheoltóirí anois agus san am atá romhainn, rud a chothóidh a gcruthaitheacht agus a sholáthróidh timpeallacht fholláin inar féidir leis an gcruthaitheacht sin fás agus bláthú.

Le blianta beaga anuas, tá cáil bainte amach ag Cill Mhantáin mar lárionad sármhaitheasa i réimse na scannánaíochta. Ina theannta sin, d'aithin an contae an nasc idir cruthaitheacht na hearnála seo agus an deis le haghaidh forbairt gnó. Faoi cheannas Oifig Fiontair Áitiúil Chill Mhantáin, agus mar thoradh ar an maoiniúchán a fuarthas faoin bPlean Gníomhaíochta Réigiúnach do Phoist atá dírithe ar ghnólachtaí nua agus ar fhiontraithe sa tionscal closamhairc, táthar tar éis Conair Chruthaitheach an Oirdheiscirt (SECC) chur ar bun. Is é an aidhm fhoriomlán atá ag tionscnamh Chonair Chruthaitheach an Oirdheiscirt cuidiú le fiontair nua agus fiontair atá ann cheana, ar fiontair iad ag feidhmiú laistigh den earnáil closamhairc i gcoitinne, fás agus forbairt, trádáil go hidirnáisiúnta agus fostaíocht a chruthú sa réigiún. D'áirigh an clár oiliúint agus meantóireacht agus chuidigh sé le timpeallacht thaitneamhach thacúil chruthú i gCill Mhantáin do dhaoine cruthaitheacha san earnáil seo.

Tá pobal bríomhar ealaíontóirí lonnaithe i gCill Mhantáin, agus iad ag saothrú thar raon leathan foirmeacha ealaíne. Tá neart bainte amach sa chontae ó bunaíodh an Oifig Ealaíon chun na tairbhí agus na fiúntais a ghabhann le cleachtadh agus rannpháirtíocht uaillmhianach i réimse na n-ealaíon a neartú go háitiúil. Tá creat láidir againn anois chun tacú le ról na n-ealaíon i ndáil le forbairt pobail atá sláintiúil agus cruthaitheach. Is í Oifig na nEalaíon a fhorbraíonn polasaí agus straitéis ealaíon don chontae, rud a dhéantar i gcomhairle le geallsealbhóirí agus comhlachtaí áitiúla agus le heagraíochtaí náisiúnta a phléann le hacmhainní ealaíon. Cuireann Oifig na nEalaíon croí-chlár ar fáil freisin ina gcuimsítear cónaitheachtaí, tionscadail oideachais, tacaíochtaí d'ealaíontóirí agus imeachtaí ealaíon do dhaoine óga. Cuireann sí tacaíochtaí airgeadais ar fáil don infreastruchtúr atá á threisiú i gcónaí agus ina gcuimsítear ionaid, féilte agus eagraíochtaí ealaíon. Trí na tacaíochtaí sin, is iad ealaíontóirí a bhí at thús cadhnaíochta maidir le forbairt clár rannpháirtíochta ealaíon sa chontae.

Déanann Seirbhís Cartlainne Chontae Chill Mhantáin ár mbailiúchán saibhir cartlainne a chaomhnú agus a chur ar fáil, ar bailiúchán é a insíonn scéal fhorbairt phobail Chill Mhantáin agus scéal na n-údarás a d'fhóin dóibh. I measc na seoda atá ann sa bhailiúchán, tá na taifid ó Bhuirg Chill Mhantáin sa 17ú agus san 18ú haois, taifid ó Ard-Ghiúiréithe agus ó Bhoird Caomhnóirí, agus taifid comhairlí Tuaithe agus Ceantair, taifid comhairlí Baile agus Contae. Acmhainn shaibhir taighde is ea

WICKLOW IS A county of great natural diversity, intertwined with a rich cultural heritage and vibrant communities. The physical landscape has been shaped by successive generations and reflects of a long history of human settlement and interaction. From ancient hillforts, the world famous monastic settlement at Glendalough and the great houses and designed landscapes of the landed gentry - to vernacular buildings, historic towns and villages, each generation has shaped the landscape, both built and natural, and continues to do so. The Wicklow Creative Ireland programme is a welcome opportunity to guide our interactions with our living landscape in creative and meaningful ways, ensuring that the 'Garden of Ireland' continues to inspire artists, writers, playwrights and musicians now and into the future, nurturing their creativity, and providing a healthy climate for it to thrive and bloom.

In recent years, Wicklow has built up a reputation as a centre for excellence in film-making. In addition, it has recognised the link between the creativity of this sector and the opportunity for business development. Headed by the Local Enterprise Office (LEO) Wicklow and funded under the Regional Action Plan for Jobs targeting start-ups and entrepreneurs in the audio-visual industry, the South Eastern Creative Corridor (SECC) has come to completion. The overall objective of the South Eastern Creative Corridor initiative is to assist new and existing enterprises operating within the broad audio-visual sector, to grow and develop, to trade internationally and to create employment in the region. The programme included training and mentoring and has contributed to an attractive and supportive environment in Wicklow for creative people in this sector.

Wicklow is home to a vibrant community of artists working across a wide range of artforms. Much has been achieved in the county since the establishment of the Arts Office to reinforce locally the benefits and the merits of ambitious arts practice and participation. We now have a strong framework for supporting the role of the arts in the development of healthy and creative communities. The Arts Office develops arts policy and strategy for the county in consultation with local stakeholders and bodies and national arts resource organisations. It also offers a core programme of residencies, educational projects, artist supports and youth arts events. The Arts Office provides financial supports for the ever-strengthening infrastructure of venues, festivals, arts organisations. With these supports, artists have led the way in developing arts participative programmes in the county.

The Wicklow County Archives Service preserves and makes available our rich archival collection, telling the story of the development of Wicklow communities and the authorities who served them. Among the jewels of the collection are the 17th and 18th century Wicklow Borough records, Grand Jury, Boards of Guardians, Rural and District, Town and County Council records. These collections offer a rich research resource, not only for the family historian and the local historian, but also for academic and other researchers of wide and varying interests. The archives has an ongoing digitization programme making key collections available online, as well as working on collaborative projects in themes such as tenant and miners' records.

The Wicklow Heritage Office works with a range of partners through the Wicklow Heritage Forum to implement an ambitious work programme through the County

iad na bailiúcháin sin, ní hamháin don staraí teaghlaigh agus don staraí áitiúil, ach freisin do thaighdeoirí acadúla agus do thaighdeoirí eile a bhfuil raon leathan ábhar spéise acu. Tá clár leanúnach digitiúcháin á chur i bhfeidhm ag an gcartlann chun príomhbhailiúcháin a chur ar fáil ar líne agus, chomh maith leis sin, oibríonn sí ar thionscadail chomhoibríocha a bhaineann le téamaí amhail taifid maidir le tionóntaí agus le mianadóirí.

Oibríonn Oifig Oidhreachta Chill Mhantáin le raon comhpháirtithe trí Fhóram Oidhreachta Chill Mhantáin chun clár oibre uaillmhianach a chur i bhfeidhm trí Phlean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin. Chuidigh gníomhartha a rinneadh go dtí seo go suntasach lenár n-eolas agus lenár dtuiscint ar neart gnéithe d'oidhreacht nádúrtha agus fhoirgnithe Chill Mhantáin, lena n-áirítear bogaigh, bithéagsúlacht uirbeach, aibhneacha agus droichid, seandálaíocht, ailtireacht dhúchasach, reiligí, agus oidhreacht gheolaíoch. Cuireadh ar chumas pobal ó áiteanna ar fud Chill Mhantáin a n-oidhreacht áitiúil a thaifeadadh trí shuíomh gréasáin na hOidhreachta Pobail, Ár nOidhreacht Chill Mhantáin, agus tá tacaíocht tugtha dóibh i ndáil lena dtionscadail seandálaíochta pobail agus i ndáil le forbairt rianta oidhreachta. Trí chláir feasachta poiblí agus trí cláir chianrochtana, cuirtear oidhreacht Chill Mhantáin in iúl ar bhealach leanúnach trí mheáin éagsúla, lena n-áirítear foilseacháin, grianghrafadóireacht, scannáin, drámaíocht, cainteanna, ceardlanna agus athléirithe. Is é an tríú Plean Oidhreachta Contae do Chill Mhantáin 2017-2022 atá mar bhonn le clár oidhreachta do na cúig bliana atá romhainn.

Wicklow Heritage Plan. Actions to date have contributed significantly to our knowledge and understanding of many aspects of Wicklow's natural and built heritage including wetlands, urban biodiversity, rivers and bridges, archaeology, vernacular architecture, graveyards, and geological heritage. Communities all over Wicklow have been empowered to record their local heritage through the Community Heritage website, Our Wicklow Heritage, and supported in their community archaeology projects and in the development of heritage trails. Public awareness and outreach programmes see Wicklow's heritage communicated on an ongoing basis through various media, including publications, photography, film, drama, talks, workshops and re-enactments. The third County Heritage Plan for Wicklow 2017-2022 forms the basis of a heritage programme for the next five years.

2018 is the European Year of Cultural Heritage and the theme for the year of events and activities in Ireland is 'Make A Connection'. This overall aim is very much compatible with Wicklow's Creative Ireland vision, seeking as it does, to deepen existing and create new connections between people and their cultural heritage.

Creative Ireland offers us the opportunity to develop and sustain more fruitful and effective partnerships within the local authority structure, and within communities and wider organisations. This partnership will help ensure long-term sustainability of creativity and community engagement into the future, while supporting a strong and dynamic arts and cultural heritage infrastructure.





Is í 2018 Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha agus is é atá i téama na bliana ócáidí agus gníomhaíochtaí in Éirinn ná 'Déan Nasc'. Tá an aidhm fhoriomlán sin ag teacht go mór le fís Éire Ildánach Chill Mhantáin, toisc go bhfuil sé ag féachaint le naisc atá ann cheana a threisiú agus le naisc nua a chruthú idir daoine agus a n-oidhreacht chultúrtha.

Tugann Éire Ildánach an deis dúinn comhpháirtíochtaí níos fónta agus níos éifeachtúla a fhorbairt agus a chothabháil laistigh de struchtúr an údaráis áitiúil, agus laistigh de phobail agus d'eagraíochtaí i gcoitinne. Cuideoidh an chomhpháirtíocht sin le hinbhuanaitheacht fhadtéarma a áirithiú don chruthaitheacht agus do rannpháirtíocht an phobail sna blianta atá le teacht, agus tacóidh sí le hinfreastruchtúr láidir, dinimiciúil ealaíon agus oidhreachta cultúir.

Tá Meitheal Cultúir bunaithe ag Comhairle Chontae Chill Mhantáin chun an Plean seo a ullmhú agus chun formhaoirseacht a dhéanamh air. Tá ionadaithe ar an meitheal ón raon leathan seirbhísí cultúrtha a chuireann an chomhairle ar fáil, is é sin le rá, ionadaithe ó na hOifigí Ealaíon, Leabharlann, Oidhreachta, Cartlainne agus Fiontair Áitiúil. Tríd an bPlean seo, tá sé mar aidhm ag an meitheal an chruthaitheacht agus an cultúr a chur i gcroílár na bpobal ar fud Chill Mhantáin, á aithint go dtugann an chruthaitheacht straitéis dúinn le haghaidh folláine aonair, comhtháthú sóisialta agus rath eacnamaíochta.

Wicklow County Council has set up a Culture Team to prepare and oversee this Plan. The team is widely representative of the broad range of cultural services provided by the council, with representatives from the Arts, Libraries, Heritage, Archives and Local Enterprise Offices. The team aims through this Plan, to place creativity and culture at the heart of communities throughout Wicklow, recognising that creativity provides us with a strategy for individual wellbeing, social cohesion and economic success.

# 3 Fís Éire Ildánach do Chill Mhantáin
## The Creative Ireland Vision for Wicklow

**Dearcadh Náisiúnta**
Tá fís ann mar threoir le haghaidh Chlár Éire Ildánach agus de réir na físe sin beidh an deis ag gach duine in Éirinn barr a gcumais chruthaithigh a bhaint amach. Saothraítear an fhís trí Chúig Cholún Chlár Éire Ildánach:

**Colún 1**
Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh

**Colún 2**
Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal

**Colún 3**
Infheistíocht san Infreastruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir

**Colún 4**
Tionscail Chruthaitheachta: Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cumarsáide

**Colún 5**
Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile

Tá rannpháirtíocht agus rochtain lárnach don fhís. Glactar leis freisin go bhfuil sé riachtanach ealaíontóirí agus cruthaitheoirí eile a nascadh le pobail chun an fhís a bhaint amach.

**Dearcadh Chill Mhantáin**
*Is í an fhís do Chlár Éire Ildánach Chill Mhantáin an chruthaitheacht a leabú i gcroílár na bpobal ar fud an chontae; méadú a dhéanamh ar acmhainn agus ar mhuinín na ndaoine uile d'fhonn an chruthaitheacht agus an nuálaíocht a thabhairt isteach ina saol agus, ar an gcaoi sin, saol sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha Chontae Chill Mhantáin a shaibhriú.*

Tacóidh an clár seo leis an gcruthaitheacht sa phobal trí naisc agus comhoibriú a bhunú idir oidhreacht agus ealaíona, i bhfoirmeacha neamhghairmiúla agus gairmiúla araon.

**National Perspective**
The Creative Ireland Programme is guided by a vision that every person in Ireland will have the opportunity to realise their full creative potential. The vision is pursued through the Five-Pillars of the Creative Ireland Programme:

**Pillar 1**
Enabling the Creative Potential of Every Child

**Pillar 2**
Enabling Creativity in Every Community

**Pillar 3**
Investing in our Creative and Cultural Infrastructure

**Pillar 4**
The Creative Industries: Ireland as a Centre of Excellence in Media Production

**Pillar 5**
Unifying our Global Reputation

Participation and access are central to the vision. Connecting artists and other creators to communities is also regarded as essential to realising the vision.

**Wicklow's Perspective**
*The vision for Wicklow's Creative Ireland Programme is to embed creativity into the heart of communities across the county; increasing the capacity and confidence of all to bring creativity and innovation to their lives, thus enriching the social, economic and cultural life of County Wicklow.*

This programme will support creativity in the community by forging links and collaborations between heritage and arts, in both non-professional and professional capacities.



# 4 Luachanna Éire Ildánach do Chill Mhantáin
## The Creative Ireland Values in Wicklow

TÁ STRAITÉIS CHULTÚIR agus chruthaitheachta Chill Mhantáin bunaithe ar na luachanna seo a leanas:

1. Comhoibriú
2. Cumarsáid
3. Pobal
4. Rannpháirtíocht
5. Uilechuimsitheacht
6. Cumhachtú

**1. Comhoibriú**
Is ionann clár Éire Ildánach agus léiriú suntasach agus bríoch ar chomhoibriú idir an rialtas áitiúil agus an rialtas náisiúnta i réimse an chultúir agus na cruthaitheachta. Díreoidh clár Chill Mhantáin ar dheiseanna a thapú do chomhoibriú agus do chrosphailniú, go háirithe laistigh de pholasaithe comhghaolmhara agus de chláir chomhghaolmhara thar ranna éagsúla san údarás áitiúil, lena n-áirítear Ealaíona, Oidhreacht, Leabharlanna, Scannánaíocht agus Forbairt Eacnamaíochta. Ina theannta sin, féachann Cill Mhantáin le tacú le comhoibriú atá ann cheana agus le comhoibriú nua a bhunú le grúpaí agus le heagraíochtaí áitiúla, le spreagadh a thabhairt go háirithe i leith comhpháirtíochtaí nua agus nuálaíocha a fhorbairt.

**2. Cumarsáid**
Tá cumarsáid riachtanach chun ár n-uaillmhianta i leith Chill Mhantáin a bhaint amach faoin gclár. Féachfaimid le feabhas a chur ar dheiseanna cumarsáide agus líonraithe idir grúpaí pobail agus cleachtóirí in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta trí bhealaí a fhiosrú le scéalta Chill Mhantáin a insint agus faisnéis a chomhroinnt trí mheáin éagsúla lena n-áirítear ardáin ar líne agus ardáin sna meáin shóisialta.

WICKLOW'S CULTURE AND Creativity Strategy is underpinned by the following values:

1. Collaboration
2. Communication
3. Community
4. Participation
5. Inclusivity
6. Empowerment

**1. Collaboration**
The Creative Ireland programme is a significant and meaningful demonstration of collaboration between local and national government in the area of culture and creativity. Wicklow's programme will focus on harnessing opportunities for collaboration and cross-pollination, particularly within intersecting policies and programmes across departments in the local authority, including Arts, Heritage, Libraries, Film and Economic Development. Additionally Wicklow seeks to support existing and create new collaborations with local groups and organisations, particularly encouraging the development of new and innovative partnerships.

**2. Communication**
Communication is key to achieving our ambitions for Wicklow under the programme. We will seek to enhance communication and networking opportunities between community groups and practitioners in the culture and creativity sectors by exploring ways to tell Wicklow stories and share information through various media including online and social media platforms.



**3. Pobal**
Tá bunú pobal cruthaitheach i gcroílár Chlár Éire Ildánach Chill Mhantáin. Féachfaidh an clár le raon leathan grúpaí leas laistigh de phobail, lena n-áirítear cleachtóirí oidhreachta agus ealaíon, eagraíochta agus grúpaí oidhreachta cultúrtha, agus daoine eile nach bhfuil rannpháirteach cheana féin in earnáil an chultúir agus/nó na cruthaitheachta.

**4. Rannpháirtíocht**
Is é spiorad na straitéise seo dúshlán a thabhairt i leith na mbacanna ar rannpháirtíocht a d'fhéadfadh a bheith ann nó a d'fhéadfadh teacht chun cinn, cibé acu bacanna airgeadais, geografaíochta nó sochaíocha atá i gceist, sin nó bacanna eile ar rochtain a bhaineann le dearcadh agus meon. Scrúdóidh straitéis Chill Mhantáin an acmhainn le caidreamh a bhunú leis an oidhreacht chultúrtha agus leis an gcruthaitheacht i suíomhanna nua agus neamhthraidisiúnta.

**5. Uilechuimsitheacht**
Tá an straitéis seo tiomanta i leith scrúdú agus forbairt a dhéanamh ar mhúnlaí i gcomhair rannpháirtíocht chruthaitheach i measc na nglúnta agus na ngrúpaí sóisialta go léir agus tuigtear an tábhacht atá le cláir dhírithe a fhorbairt do ghrúpaí ar leith, go háirithe iad siúd atá i mbaol a n-eisiata. Tá na tograí a dtacaítear leo faoin straitéis seo ceaptha le bheith uilechuimsitheach, agus iad ag spreagadh na rannpháirtíochta do chách.

**3. Community**
Building creative communities is at the heart of Wicklow's Creative Ireland Programme. The programme will seek to engage with a wide range of interests within communities, including heritage and arts practitioners, cultural heritage organizations and groups, and others who are not already engaged in the culture and/or creativity sector.

**4. Participation**
The spirit of this strategy is to challenge the barriers to participation that may exist or arise, whether they are financial, geographical, societal or other access barriers relating to perception and attitude. Wicklow's strategy will explore the potential for engaging with cultural heritage and creativity in new and non-traditional settings.

**5. Inclusivity**
This strategy is committed to exploring and developing models of creative engagement across all generations and social groups and understands the importance of developing focused programmes for specific groups, especially those at risk of being excluded. The projects supported under this strategy are designed to be inclusive in nature, encouraging the participation of everyone.

**6. Cumhachtú**
Cuirfidh straitéis Chill Mhantáin tacaíochtaí ar fáil do dhaoine aonair agus do ghrúpaí chun acmhainn a chruthú trí líonrú, trí oiliúint, trí mhalartú faisnéise agus trí chúnamh deontais. Oibreoimid i gcomhpháirtíocht chun na hacmhainní atá againn cheana i dtaca leis na healaíona agus agus leis an gcultúr de a threisiú d'fhonn nascadh a dhéanamh le raon níos leithne pobal, agus solúbthacht a bheith ann freisin le gur féidir forbairt a dhéanamh ar chláir nua agus ar chláir a thiocfaidh chun cinn. Féachann an clár le forbairt a dhéanamh ar na hacmhainní agus ar na deiseanna a chuireann Éire Ildánach ar fáil chun forbairt clár samhlaíoch agus ábhartha a chumasú, ar cláir iad a bheidh tarraingteach dár lucht féachana/éisteachta traidisiúnta agus do dhaoine eile nach iad.

**6. Empowerment**
The Wicklow strategy will provide supports for individuals and groups to build capacity through networking, training, information exchange and grant aid. We will work in partnership to strengthen our existing resources in arts and culture in order to connect with a broader diversity of communities, while also leaving flexibility for new and emerging programmes to develop. The programme seeks to build on the resources and opportunities offered by Creative Ireland to enable the development of imaginative and pertinent programming that will appeal within and beyond our traditional audiences.



# 5 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chill Mhantáin
## Strategic Priorities for Wicklow

IS IAD SEO na Tosaíochtaí Straitéiseacha a leanas ár sé thosaíocht do Straitéis Cruthaitheachta Chill Mhantáin:

I. Tacaíocht a thabhairt don infreastruchtúr cultúir agus cruthaitheachta agus do na cláir chultúir agus chruthaitheachta atá againn cheana agus feabhas a chur ar na nithe sin.

II. Comhoibriú a fhorbairt idir Oidhreacht agus Ealaíona agus idir gairmithe agus cleachtóirí neamhghairmiúla laistigh dár bpobail.

III. Deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh in eispéiris ardchaighdeáin i réimsí na n-ealaíon, na hoidhreachta agus an chultúir a dhearadh, a sholáthar agus a mheas.

IV. Daoine & Áit: Tacú le deiseanna fónta chun feabhas a chur ar thuiscint i measc na ndaoine uile i gCill Mhantáin ar oidhreacht a n-áite agus a dtírdhreacha féin.

V. Forbairt a dhéanamh ar ár n-acmhainn chórúil in éineacht le raon pobal, idir phobail tuaithe agus phobail uirbeacha, ar fud chontae Cill Mhantáin.

VI. Tacú le bealaí nuálacha chun oidhreacht shaibhir chultúrtha Chill Mhantáin a chur chun cinn trí theagmháil chruthaitheach leis an teicneolaíocht, leis na meáin agus le taispeántais.

OUR SIX PRIORITIES for the Creative Wicklow Strategy are:

I. Support and enhance our existing cultural and creative infrastructure and programmes.

II. Build collaborations between Heritage and Arts and between professionals and non professional practitioners within our communities

III. Design, deliver and evaluate opportunities for children and young people to engage in high-quality experiences of arts, heritage and culture

IV. People & Place: Support meaningful opportunities to enhance understanding among all in Wicklow of the heritage of their local place and landscape.

V. Build our choral capacity with a range of rural and urban communities across county Wicklow.

VI. Support innovative ways to promote Wicklow's rich cultural heritage through creative engagement with technology, media and exhibition.



**I. Tacaíocht a thabhairt don infreastruchtúr cultúir agus cruthaitheachta agus do na cláir chultúir agus chruthaitheachta atá againn cheana agus feabhas a chur ar na nithe sin.**

- Tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach ár n-ealaíontóirí agus ár gcruthaitheoirí, lena n-áirítear na baill foirne agus na meithleacha atá ag obair laistigh dár n-eagraíochtaí ealaíon, dár n-ionaid agus dár bhféilte. Cuimseoidh sé sin réimsí na scannánaíochta agus na meán, chomh maith le réimse na litríochta agus cineálacha eile ealaíne.
- Tacaíochtaí praiticiúla a sholáthar chun cabhrú le tionscnaimh oidhreachta a thionscnaíonn an earnáil phobail agus dheonach, agus an méid sin a dhéanamh trí dheiseanna líonraithe, oiliúint agus acmhainní eile a éascú.
- Scéimeanna deontais a fhorbairt agus trialacha píolótacha a dhéanamh ina leith chun leathnú a dhéanamh ar acmhainn ár n-infreastruchtúir chultúrtha agus chruthaithigh teacht ar lucht féachana/éisteachta nua agus tuilleadh rannpháirtíochta cruthaithí a chruthú.

**II. Comhoibriú a fhorbairt idir Oidhreacht agus Ealaíona agus idir gairmithe agus cleachtóirí neamhghairmiúla laistigh dár bpobail.**

- Tionscnaimh a fhorbairt a spreagann cur chuige comhoibríoch i dtaca le rannpháirtíocht chruthaitheach an phobail i réimsí na hOidhreachta agus na n-Ealaíon agus deiseanna a sholáthar chun gairmithe a nascadh lenár bpobail chun téamaí ildisciplíneacha a fhiosrú.

**I. Support and enhance our existing cultural and creative infrastructure and programmes.**

- Support the on-going professional development of our artists and creators, including the staff and teams working in our arts organisations, venues and festivals. This will encompass the areas of film and media production, as well as literature and other art forms.
- Provide practical supports to assist community and voluntary based heritage initiatives in terms of facilitating networking opportunities, training and other resources.
- Develop and pilot grant schemes to extend the capacity of our cultural and creative infrastructure to reach new audiences and create further creative engagement.

**II. Build collaborations between Heritage and Arts and between professional and non professional practitioners within our communities**

- Develop initiatives which encourage a collaborative approach to creative public engagement in the area of Heritage and Arts and provide opportunities to connect professionals with our communities to explore multi disciplinary themes.

**III. Deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh in eispéiris ardchaighdeáin i réimsí na n-ealaíon, na hoidhreachta agus an chultúir a dhearadh, a sholáthar agus a mheas.**

- Cláir a fhorbairt agus a neartú a chuidíonn le rannpháirtíocht le daoine óga, mar rannpháirtithe agus comhoibrithe cruthaitheacha, agus/nó mar dhaoine den lucht féachana/éisteachta. Tabharfar spreagadh i leith tionscnaimh a chuireann deiseanna ar fáil do ghníomhaíocht allamuigh atá bunaithe ar an dúlra.

**IV. Daoine & Áit: Tacú le deiseanna fónta chun feabhas a chur ar thuiscint i measc na ndaoine uile i gCill Mhantáin ar oidhreacht a n-áite agus a dtírdhreacha féin.**

- Úsáid a bhaint as acmhainní cartlainne, staire agus bithéagsúlachta a bhaineann le Contae Chill Mhantáin mar bhonnlíne le haghaidh forbairt tionscadal áitiúil a bhaineann le taifeadadh agus taighde.
- Méadú a dhéanamh ar chumas ár bpobal áitiúla chun gabháil do thaifeadadh agus do chur i láthair gnéithe dá n-oidhreacht áitiúil, fhisiciúil agus dhobhraite.

**V. Forbairt a dhéanamh ar ár n-acmhainn chórúil in éineacht le raon pobal, idir phobail tuaithe agus phobail uirbeacha, ar fud chontae Cill Mhantáin.**

- Tacú le deiseanna atá ann cheana agus forbairt a dhéanamh ar dheiseanna nua do dhaoine le gur féidir leo taithí a fháil agus caidreamh a dhéanamh le ceol córúil mar rannpháirtithe nó mar dhaoine den lucht féachana/éisteachta.

**III. Design, deliver and evaluate opportunities for children and young people to engage in high-quality experiences of arts, heritage and culture.**

- Develop and strengthen programmes that facilitate engagement with young people, either as creative participants and collaborators, and/or as audience members. Initiatives that provide opportunities for outdoor and nature based activity will be encouraged.

**IV. People & Place: Support meaningful opportunities to enhance understanding among all in Wicklow of the heritage of their local place and landscape.**

- Use existing archival, historical and biodiversity resources relating to County Wicklow as a baseline for the development of local recording and research projects.
- Increase the capacities of our local communities to engage in recording and presenting aspects of their local physical and intangible heritage.

**V. Build our choral capacity with a range of rural and urban communities across county Wicklow.**

- Support existing and develop new opportunities for people to experience and engage with choral music either as participants or audience members.





**VI. Tacú le bealaí nuálacha chun oidhreacht shaibhir chultúrtha Chill Mhantáin a chur chun cinn trí theagmháil chruthaitheach leis an teicneolaíocht, leis na meáin agus le taispeántais.**

- Deiseanna a fhiosrú le gnéithe d'oidhreacht fhisiciúil agus dhobhraite Chill Mhantáin a chur in iúl trí úsáid a bhaint as meáin dhigiteacha éagsúla.
- Forbairt a dhéanamh ar na tacaíochtaí atá de dhíth chun pobail áitiúla a spreagadh le gnéithe dá n-oidhreacht áitiúil a chur i láthair ar bhealaí nua agus neamhthraidisiúnta.

**VI. Support innovative ways to promote Wicklow's rich cultural heritage through creative engagement with technology, media and exhibition.**

- Explore opportunities to communicate aspects of the physical and intangible heritage of Wicklow using various digital media.
- Develop the supports needed to encourage local communities to present aspects of their local heritage in new and untraditional ways.



# 6 Plean Forfheidhmithe Chill Mhantáin do 2018
## Wicklow's Implementation Plan for 2018

LE LINN 2018 leanfaimid den fhorbairt ar an eolas agus ar an bhfoghlaim a fuaireamar ón gcéad chlár Éire Ildánach Chill Mhantáin in 2017. Tá na príomhghníomhartha leagtha amach faoi na snáitheanna téamacha éagsúla thíos:

### Caidreamh a bhunú le Pobail & Tacaíocht do Phobail

*Scéim Deontais Chill Mhantáin Cruthaitheach*: Scéim deontais bhliantúil Chill Mhantáin Cruthaitheach a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun cruthaitheacht agus oidhreacht chultúrtha a chothú i measc na bpobal i gCill Mhantáin. Tacóidh scéim Chill Mhantáin Cruthaitheach le bealaí nuálacha chun caidreamh a mhéadú idir daoine agus a n-oidhreacht chultúrtha. Tá spreagadh a thabhairt i leith ócáidí, gníomhaíochtaí agus tionscadail a 'Dhéanann Nasc', i gcomhréir le téama Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha in 2018, chomh maith le comhoibriú idir ealaíontóirí agus cleachtóirí oidhreachta agus tionscadail a fhéachann le bonn a leagan le haghaidh rannpháirtíochtaí níos fadtéarmaí. Beidh an ciste seo ar oscailt d'eagraíochtaí seachbhrabúsacha, do ghrúpaí pobail áitiúla, agus do ghrúpaí, d'ionaid agus do chumainn ealaíon, oidhreachta agus cultúrtha.

*Clár Sheachtain na hOidhreachta*: Clár gníomhach agus nuálach a sholáthar do Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta i gCill Mhantáin, agus é dírithe ar 'Scéalta a Chomhroinnt'; spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair agus do phobail áitiúla chun gnéithe dá n-áit dúchais a nochtadh agus a chur in iúl don phobal i gcoitinne trí shiúlóidí, trí chainteanna, trí dhrámaíocht, trí thaibhithe ceoil, trí athléirithe, trí sheandálaíocht phobail, trí thaispeántais agus trí mhodhanna eile. Maireann Seachtain na hOidhreachta naoi lá (18–26 Lúnasa) agus baintear leas as díograis agus dea-thoil na bpobal agus na n-ionad ar fud Chill Mhantáin chun ócáidí a eagrú, a mbíonn a bhformhór díobh saor in aisce agus oiriúnach don teaghlach ar fad.

Suíomh gréasáin don oidhreacht phobail, a bhfuil rochtain oscailte air, is ea *Ár nOidhreacht Chill Mhantáin* (OWH) (www.countywicklowheritage.org), agus is é Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin a bhainistíonn é agus is suíomh gréasáin é a ligeann do phobail a scéalta maidir le muintir agus áiteanna Chill Mhantáin, agus maidir le hábhar a bhaineann le Cill Mhantáin, a insint agus a chomhroinnt. Sa bhliain 2018, déanfaidh OWH forbairt ar thionscadal dar téama 'Mná Chill Mhantáin' i gcomhar le Líonra Chartlanna Pobail na hÉireann (iCAN) chun comóradh a dhéanamh ar an Acht um Ionadaíocht an Phobail 1918, a thug cead do mhná, den chéad uair, vótáil, seasamh do thoghchán nó suí sa pharlaimint. Déanfar na scéalta le haghaidh Mhná Chill Mhantáin a thiomsú thrí ghlao oscailte agus beidh siad mar chuid de thaispeántas áitiúil agus náisiúnta ar an téama seo ag deireadh na bliana.

*Oíche Chultúir*: Leanfaimid de pháirt a ghlacadh i gceiliúradh uile-Éireann ar na healaíona, ar an oidhreacht agus ar an gcultúr trí chlár gníomhach saor in aisce a fhorbairt le haghaidh ócáidí Oíche Chultúir Dé hAoine an 21 Meán Fómhair 2018. Díreofar ar chomhoibriú le pobail, le healaíontóirí agus le hionaid ar fud an chontae chun a chinntiú go mbeidh clár ilchineálach bríomhar ann ina bhfuil ceol, drámaíocht, na hamharcealaíona, turais, cainteanna, léitheoireachtaí agus ceardlanna.

DURING 2018 WE will be continue to build on the knowledge and learning we gained from Wicklow's first Creative Ireland programme in 2017. Key actions are set out under the various thematic strands below:

### Engaging & Supporting Communities

*Creative Wicklow Grant Scheme*: Design and deliver an annual Creative Wicklow grants scheme to nurture creativity and cultural heritage among communities in Wicklow. The Creative Wicklow scheme will support innovative ways to increase engagement between people and their cultural heritage. Events, activities and projects that 'Make a Connection' in line with the theme of European Year Of Cultural Heritage in 2018 are encouraged, as are collaborations between artists and heritage practitioners, and projects that seek to lay the foundations for longer term engagements. This fund will be open to not-for-profit organisations, local community groups, arts, heritage and cultural groups, venues and societies.

*Heritage Week Programme*: Deliver an active and innovative National Heritage Week Programme for Wicklow with a focus on 'Sharing Stories'; encouraging and supporting individuals and local communities to uncover and communicate aspects of their local place to the wider community through walks, talks, drama, music performances, re-enactments, community archaeology, exhibitions and other means. Heritage Week takes place over nine days (18th–26th August) and harnesses the enthusiasm and goodwill of communities and venues across Wicklow to organise events, the majority free of charge and family friendly.

*Our Wicklow Heritage* (OWH:OWH is an open access community heritage website www.countywicklowheritage.org) facilitated by the Wicklow Heritage Forum which allows communities to tell and share their stories of Wicklow people, places and topics. In 2018 the OWH will develop an 'Our Wicklow Women' themed project in association with the Irish Community Archives Network (iCAN) to commemorate the Representation of the People Act 1918, which granted for the first time the right of women to vote, stand for election or sit in parliament. Our Wicklow Women stories will be compiled through an open call and will contribute to a National and local exhibition on this theme at the end of the year.

*Culture Night*: We will continue to participate in the all Ireland celebration of arts,heritage and culture by developing an active free programme of events for Culture Night on Friday 21st September 2018. The focus will be on collaborating with communities, artists and venues throughout the county to ensure a diverse and lively programme involving music, theatre, visual arts, tours, talks, readings and workshops.








**Crinniú na nÓg**

Lá nua náisiúnta cruthaitheachta do leanaí agus do dhaoine óga is ea Cruinniú na nÓg, agus, sa bhliain 2018, tosóidh sé Dé Sathairn an 23 Meitheamh. Déanfaimid clár ócáidí agus ceardlann a cheapadh agus a sholáthar a dhíríonn ar rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga in eispéiris phraiticiúla den chruthaitheacht agus úsáid á baint as leabharlanna de chuid na comhairle agus as spásanna poiblí agus as ionaid phobail eile.

**Ealaíona agus Daoine Óga**

*Clár Píolótach do Rannpháirtíocht Déagóirí* – Agus sinn ag obair le grúpa stiúrtha comhoibríoch a bhfuil saineolas acu ar chláreagrú agus ar choimeádaíocht in éineacht le daoine óga agus do dhaoine óga, déanfaimid múnla comhoibríoch don rannpháirtíocht chruthaitheach idir ealaíontóirí gairmiúla agus déagóirí a cheapadh, a sholáthar, a dhoiciméadú agus a mheasúnú, agus gheofar moltaí le haghaidh forbairtí inbhuanaithe sa réimse seo amach anseo. Díreoidh an triail phíolótach ar an bhfocal labhartha, ar rapcheol, ar chumadh amhrán agus ar thaibhiú. Cuirfear an mheastóireacht agus na moltaí san áireamh i dtionscadal taighde níos mó a mbeidh mar aidhm aige scrúdú agus múnlú a dhéanamh ar sholáthar na n-ealaíon do leanaí agus do dhaoine óga i gCill Mhantáin.

*Taighde ar an Soláthar Reatha do Leanaí agus do Dhaoine* – Sa bhliain 2018, bunófar sainghrúpa a mbeidh saineolas náisiúnta agus áitiúil aige chun na paraiméadair a leagan síos le haghaidh píosa taighde ar sholáthar na n-ealaíon do leanaí agus do dhaoine óga i gCill Mhantáin. Ceapfar taighdeoir chun na láidreachtaí, na bearnaí agus na deiseanna i leith fáis san earnáil a shainaithint agus déanfaidh an taighdeoir sin bearta sonracha cláir a sholáthar nach

**Crinniú na nÓg**

Crinniú is a new national creativity day for children and young people, commencing in 2018 on Saturday June 23rd. We will design and deliver a programme of events and workshops that focus on active participation by young people in hands on experiences of creativity using council owned libraries and public spaces and other community venues

**Engaging & Supporting Communities**

*Teenager's Participation Pilot Programme* – Working with a collaborative steering group with expertise in programming and curating with and for young people, we will design, deliver, document and evaluate a collaborative model for creative engagement between professional artists and teenagers, with recommendations for future sustainable developments in this area. The pilot will focus on spoken word, rap, songwriting and performance. The evaluation and recommendations will feed into a larger research project, aiming to explore and shape the arts provision for children and young people in Wicklow.

*Research into Current Provision for Children and Young People* – An expert group with both national and local expertise will be formed in 2018 to set the parameters for a piece of research into arts provision for children and young people in Wicklow. A researcher will be appointed to identify the strengths, gaps and opportunities

mór déanamh dá réir faoi straitéis cúig bliana Éire Ildánach. Áireoidh sé sin raon smaointe agus modheolaíochtaí chun samhlaíocht na leanaí agus na ndaoine óga a ghabháil agus a mhealladh san obair rannpháirtíochta, ar obair í a bheidh bunaithe ar an lucht féachana/éisteachta, lena n-áirítear obair i seomraí ranga agus in ionaid ealaíon agus chultúrtha.

**Forbairt Litríochta – Bua na bhFocal (Way with Words)**

*Coimeádaí Litríochta Chill Mhantáin* – Ceapfar duine don ról coimeádaíochta seo chun obair le Roinn na Leabharlann agus le Oifig na nEalaíon i gComhairle Chontae Chill Mhantáin. Le linn 2018, díreoidh an coimeádaí ar dtús ar dhá leabharlann, san Inbhear Mór agus i mBaile Coimín, mar chuid den tionscnamh dar teideal *Bua na bhFocal*. Agus sinn ag obair go dlúth lenár Leabharlannaithe chun an clár píolótach seo a fhorbairt, a sholáthar agus a dhoiciméadú, cuirfidh *Bua na bhFocal* deiseanna ar fáil do scríbhneoirí agus do léitheoirí áitiúla, i n gach aoisghrúpa, caidreamh a bheith acu le scríbhneoirí agus le filí gairmiúla ó áiteanna ar fud an chontae agus ar fud na tíre ar fad, ar pearsana iad a bhfuil lear mór leabhar díolta acu, a bhfuil clú agus cáil bainte amach acu agus a bhfuil gradaim bronnta orthu, agus tabharfar cuireadh do scríbhneoirí as áiteanna ar fud an chontae a bheith páirteach sa chlár. Beidh ceardlanna scéalaíochta agus maisiúcháin ann do leanaí chomh maith le léitheoireacht filíochta agus cainteanna ag úrscéalaithe, ag scríbhneoirí coirscéalta agus ag údair cuimhní cinn. Beidh ceardlanna ficsin, cuimhní cinn agus filíochta ann do dhaoine fásta, mar aon le ceardlanna blagála agus úrscéalta grafacha do dhéagóirí. Ina theannta sin, mar chuid de *Bua na bhFocal*, beidh scríbhneoirí agus filí ag taisteal ar fud Chill Mhantáin chun cuairt a thabhairt ar scoileanna, ar ghrúpaí pobail agus ar dhreamanna eile.

for growing capacity among the sector and will specifically provide programme measures that will be followed under the Creative Ireland five-year strategy. This will include a range of ideas and methodologies to capture and engage the imagination of children and young people in participatory and audience based work including in classrooms, arts and cultural venues.

**Literature Development – Way with Words**

*Wicklow Literature Curator* – This curatorial role will be appointed to work with the Libraries Department and Arts Office of Wicklow County Council. During 2018, the curator will focus initially on two libraries, in Arklow and Blessington, as part of the *Way with Words* initiative. Working closely with our Librarians to develop, deliver and document this pilot programme, *Way with Words* will offer opportunities to local writers and readers of all ages to engage with professional bestselling, award-winning writers and poets from all over the county and country and will invite participation from writers from across the county. Storytelling and illustration workshops will feature for children as well as poetry readings and talks by novelists, crime writers and memoirists. There will be fiction, memoir and poetry workshops for adults, blogging and graphic novel workshops for teens. Also as part of *Way with Words*, writers and poets will travel around Wicklow, visiting schools, community groups and others.



Tríd an tionscadal seo, déanfar forbairt ar obair a rinneadh roimhe seo i gcomhar le hÉigse Éireann, le *Children's Books Ireland* agus le hIonad Scríbhneoirí na hÉireann, agus ginfidh sé sraith moltaí maidir leis an litríocht a fhorbairt tuilleadh i gcontae Chill Mhantáin. Cuirfear na moltaí sin san áireamh le linn forbairt a dhéanamh ar chlár inbhuanaithe fadtéarma rannpháirtíochta pobail sa léitheoireacht, sa scríbhneoireacht, sa scéalaíocht agus sa mhaisiúchán. Déanfaidh an coimeádaí nasc le tionscnaimh litríochta eile atá ar bun sa chontae d'fhonn an tairbhe is mó agus is féidir a bhaint as naisc, as acmhainní agus as deiseanna do scríbhneoirí gairmiúla agus do scríbhneoirí nua agus d'fhonn deiseanna a mhéadú i leith rannpháirtíocht shamhlaíoch do léitheoirí i ngach aoisghrúpa.

**Nurturing People and Place**

*Daoine & Áit* – Leanúint den fhorbairt ar na tionscadail taifeadta oidhreachta áitiúla dar teideal Daoine agus Áit (LHP-anna) a chuir an Oifig Oidhreachta ar bun i Limistéar Abhainn na Life, i Limistéar Cois Locha Bhaile Coimín agus in Iarthar agus in Iardheisceart Chill Mhantáin. Sa bhliain 2018, cuirfimid tionscadal i gcrích atá bunaithe ar raonta áineasa in oirthear an chontae, agus cuirfear meicníocht ar fáil do na pobail lena mbaineann obair leis na saineolaithe cuí chun na scéalta, an béaloideas, an dúlra agus an oidhreacht chultúrtha a bhaineann lena gceantar áitiúil a nochtadh. Áireoidh na torthaí bunachar sonraí digiteach saibhir ina mbeidh stair ó bhéal, grianghraif agus scannáin. Thar ré an Phlean seo, scrúdófar na roghanna chun faisnéis oidhreachta a thiomsófar trí na LHP-anna, lena n-áirítear scannáin agus foilseacháin, a chur i láthair agus a chur in iúl.

The project will build on previous work undertaken in collaboration with Poetry Ireland, Children's Books Ireland and the Irish Writer's Centre, and will generate a set of recommendations for the further development of literature in county Wicklow. These recommendations will inform the development of a long-term sustainable programme of public engagement in reading, writing, storytelling and illustration. The curator will connect with other literature initiatives taking place in the county in order to maximise connections, resources and opportunities for professional and emerging writers and increase opportunities for imaginative engagement for readers of all ages.

**Nurturing People and Place**

*People & Place* – Continue to develop the People and Place local heritage recording projects (LHPs) initiated in recent years by the Heritage Office in The River Liffey Area, the Blessington Lakeside Area and West & South West Wicklow. In 2018 we will deliver a project based around recreational trails in the east of the county, providing a mechanism for associated communities to work with relevant expertise to uncover the hidden stories, folklore, nature and cultural heritage associated with their local place. The outputs will include a rich digital database to include oral history, photography and film. Options for presenting and communicating heritage information collated through LHPs including film and publication will be explored over the lifetime of this Plan.

*Oidhreacht Phobalbhunaithe*: Leanúint de thacú le hinfreastruchtúr na hoidhreachta cultúrtha atá ann cheana ag leibhéal an phobail i gCill Mhantáin, lena n-áirítear cumainn staire áitiúla, tionscnaimh eolaíochta saoránach, grúpaí *PURE Mile* agus tionscadail seandálaíochta pobail trí leanúint de thacaíocht a thabhairt dá gcuid oibre, agus an obair sin a chur chun cinn agus a chur in iúl, agus trí dheiseanna líonraithe a sholáthar chun teacht le chéile agus eolas a mhalartú.

### Scannánaíocht i gCill Mhantáin

'*Vikings in Focus*', taispeántas de ghrianghraif scannáin: Tá Coimisiún Scannán Chontae Chill Mhantáin, an Léiritheoir Feidhmeannach Morgan O'Sullivan ó *World 2000 Entertainment*, agus Ionad Ealaíon *Mermaid* tar éis teacht le chéile chun taispeántas de ghrianghraif scannáin, '*Vikings in Focus*', a eagrú. Taispeántas is ea é seo de ghrianghraif iontacha 'taobh thiar de na radharcanna' a tógadh ar an seit den tsraith teilifíse '*Vikings*' a bhain cáil idirnáisiúnta amach, agus a rinneadh ar an láthair i gContae Chill Mhantáin, agus ar grianghraif iad a thóg na grianghrafadóirí oifigiúla Jonathan Hession agus Bernard Walsh. Léiríonn an taispeántas seo na suíomhanna éagsúla a fhágann go mbíonn ráchairt ar Chontae Chill Mhantáin mar shuíomh le haghaidh scannán agus beidh sé ar taispeáint i leabharlanna agus in ionaid eile ar fud an Chontae.

### Oidhreacht Nádúrtha & Bithéagsúlacht

Beimid ag obair i gcomhar leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta agus le comhpháirtithe eile chun coimisiún cruthaitheach a sholáthar in 2018, ar coimisiún é a bheidh dírithe ar phailneoirí agus a chuirfidh tábhacht a róil inár n-éiceachóras in iúl.

*Community Based Heritage*: Continue to support existing cultural heritage infrastructure at community level in Wicklow including local historical societies, citizen science initiatives, PURE Mile groups and community archaeology projects by continuing to support, promote and communicate their work and providing networking opportunities for meeting and exchanging knowledge.

### Filming in Wicklow

*'Vikings in Focus'* – film still Exhibition: The County Wicklow Film Commission in partnership with Executive Producer Morgan O'Sullivan of World 2000 Entertainment and The Mermaid Arts Centre have joined forces to organise 'Vikings in Focus', photo exhibition. This is an exhibition of spectacular 'behind the scenes' photo stills taken on the set of internationally acclaimed television series 'Vikings', which is shot on location in County Wicklow by official photographers Jonathan Hession and Bernard Walsh. This exhibition highlights the diverse locations that make County Wicklow a sought after film location and will be on display in libraries and other venues around the County.

### Natural Heritage & Biodiversity

We will collaborate with the National Biodiversity Data Centre and other partners to deliver a creative commission in 2018 focussing on pollinators and communicating the significance of their role in our ecosystem.





### Gníomhachtú Cór Pobail

Tá sainchomhairleoir córúil ceaptha le taighde gníomhaíochta a dhéanamh ar ghníomhachtú cór pobail i gContae Chill Mhantáin. Tá taighde deisce tosaigh curtha i gcrích agus beidh sraith cruinnithe agus ceardlann amhránaíochta ar bun timpeall an chontae le linn 2018. Saithneoidh an taighde acmhainní córúla agus molfar naisc straitéiseacha chun rannpháirtíocht i gcóir a ghníomhachtú inár pobail, agus béim ar leith ar dheiseanna do dhaoine scothaosta i limistéir thuaithe. Déanfar an taighde a chur i gcrích agus a chur ar fáil i lár na bliana 2018, in éineacht le plean a bheidh á mholadh lena chur i bhfeidhm. Beidh na céimeanna tosaigh den phlean a chur i bhfeidhm sa dara leath de 2018.

### Taighde & Forbairt Chultúrtha

Moltar taighde a chur ar bun sna príomhréimsí a d'fhéadfadh tuilleadh taighde agus forbartha a bheith de dhíth ina leith le linn ré an Phlean seo, mar shampla:

*Staidéar Féidearthachta maidir le 'Músaem Scannán'* – fiosrú maidir le cad a bheadh i gceist anseo, cén áit a mbeadh sé lonnaithe, conas a d'fhéadfaí rochtain a fháil air – i spás fisiciúil, i gcomhthéacs tob-spáis nó spás sealadach, nó spás digiteach etc.

*Pobail Tuaithe*: Taighde a dhéanamh ar riachtanais ár bpobal tuaithe, go háirithe daoine scothaosta, a bhféadfadh deacracht a bheith acu bealach a aimsiú chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ealaíon agus cultúrtha. An féidir linn teacht ar bhealaí cruthaitheacha chun dul chucu – trí imeachtaí taistil, cuairte nó tob-spáis?

### Community Choral Activation

An expert choral consultant has been appointed to carry out action research into community choral activation in County Wicklow. Initial desk research has been completed and a series of meetings and singing workshops will take place around the county during 2018. The research will identify choral resources and recommend strategic connections to activate choral engagement with our communities, with a particular emphasis on opportunities for older people in rural areas. The research will be completed and delivered in mid 2018, along with a proposed plan for implementation. The first stages of the implementation plan will take place in the second half of 2018.

### Cultural Research & Development

It is proposed to initiate research in key ideas that may need further research and development during the lifetime of this Plan, for example:

*Feasibility Study for a 'Museum of Film'* – exploring what this would be, where it might be based, how could it be accessed – in a physical space, a pop-up or temporary context or a digital space etc.

*Rural Communities*: Research the needs of our rural communities, particularly older people, who may find a way into arts and cultural activities difficult. Can we find creative ways to go to them – through touring, visiting or pop-up events?

*Naisc Scannán i gCill Mhantáin*: Scrúdú a dhéanamh ar naisc fhéideartha idir scannáin agus scéalaíocht Chill Mhantáin tríd an bhFéile YARN atá ann cheana. Mar shampla, tá raidhse scéalta agus tuairiscí le fáil i gCill Mhantáin faoin iliomad scannán a rinneadh agus a léiríodh anseo.

*Cartlanna a Dhigitiú*: Scrúdú a dhéanamh ar an deis chun aip agus acmhainn ar líne a chruthú a chuireann ábhar ó Chartlann an Chontae i láthair – trína ndéanfaí na scéalta faoi ghnáthshaol na ndaoine san am atá thart i gCill Mhantáin a insint. Forbairt a dhéanamh ar chlár digitithe reatha Chartlann an Chontae, chun bailiúcháin cartlainne an chontae a chomhroinnt ar líne.

**Cumarsáid**

Déanfaidh Cill Mhantáin Cruthaitheach scrúdú i dtaobh an féidir Aip a fhorbairt agus a chothabháil trínar féidir leis an bpobal caidreamh a dhéanamh leis an gclár foriomlán, lena n-áirítear deiseanna agus fógraí maidir le rannpháirtíocht, agus caidreamh le healaíontóirí agus tionscadail, a shainaithint agus a chomhroinnt.

*Film Connections in Wicklow*: Explore potential links between Wicklow film and storytelling through the existing YARN Festival. For example, there's an abundance of stories and narratives in Wicklow connected to the many films shot and produced here.

*Digitisation of Archives*: Explore the opportunity to create an app and online resource presenting material from the County Archives – telling the stories of everyday lives from Wicklow's past. Building on the current County Archives' digitisation programme, sharing the county's archival collections online.

**Communications**

Creative Wicklow will explore the feasibility of developing and maintaining an App through which the public can engage with the overall programme including identifying and sharing opportunities and notifications for participation and engagement with artists and projects.









creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022